# Teimpléad Aonad Foghlama CLIL/FCÁT

**Ábhar: Reiligiún**

**Téama: Carthanacht a bhaineann le dhá Mhórchreideamh Dhomhanda**

## Torthaí Foghlama (Ábhar + Teanga)

### Ábhar

**1.1** príomhchreidimh reiligiúnacha na gcúig mhór-reiligiún dhomhanda atá in Éirinn sa lá atá inniu ann a chur i láthair

**1.3** dul i ngleic le baill de phobal creidimh a bhfuil baint aige le ceann amháin de na cúig mhór-reiligiún dhomhanda a ndéantar staidéar orthu faoin tsonraíocht agus léirthuiscint a thaispeáint maidir leis an gcaoi ina n-imríonn creidimh reiligiúnacha an phobail tionchar ar shaol na mball ó lá go lá.

**1.9** tarraingt le chéile a dhéanamh ar an léargas a fhaightear faoin gcaoi ina gcuireann daoine a gcreidimh, bíodh sin creidimh reiligiúnacha nó eile, in iúl agus ina bhfuil na creidimh sin le feiceáil ina saol, agus machnamh a dhéanamh maidir leis an léargas sin

**3.1** scrúdú a dhéanamh ar fhoinsí difriúla luachanna agus ar na bealaí difriúla ina n-imríonn luachanna duine tionchar ar roghanna laethúla, ar chaidrimh, agus ar fhreagracht as daoine eile

Dréacht

### Teanga

**1.10** téacsanna* dílse a aimsiú agus a úsáid chun taighde a dhéanamh (sliocht ón mBíobla)

**1.18** tuairimí pearsanta a fhorbairt agus a chosaint ar nithe a bhaineann le hábhair ar spéis leat féin

**1.26** dréachtú, léamh siar agus athdhréachtú a dhéanamh

**2.1** difríochtaí suntasacha ó thaobh gramadaí agus comhréire idir an Ghaeilge, Béarla agus teangacha eile a thabhairt faoi deara chun míchruinneas a sheachaint

**2.2** earráidí pearsanta i labhairt agus i scríobh na teanga a thabhairt faoi deara agus na cúiseanna leo a thuiscint

**2.3** patrúin teanga mar chomhréir, bhriathra, ainmfhocail, &rl., a aithint agus a úsáid

**3.2** úsáid a bhaint as aiseolas mar fhoghlaimeoir chun aidhmeanna foghlama pearsanta a leagan amach

**3.4** féinmheasúnú a dhéanamh ar dhul chun cinn

**3.6** acmhainní teanga a úsáid (foclóirí agus ríomhfhoclóirí, graiméir, seiceálaithe gramadaí agus litrithe)

# Teimpléad Aonad Foghlama CLIL/FCÁT

## Príomhfhoghlaim

Iniúchadh a dhéanamh ar na príomhchreidimh sna cúig mhórchreideamh domhanda agus ag díriú isteach ansin ar Ioslam agus ar Chríostaíocht ach go háirithe

**(Dul Siar b'fhéidir)**

**Iniúchadh a dhéanamh ar Ioslam**

IOSLAM agus CARTHANACHT

- fiosrúchán faoi charthanacht san Ioslam - na cúig philéar
- Déan **iniúchadh** níos doimhne ar na príomhchreidimh san Ioslam go mór mór Carthanacht san Ioslam
- Sleachta taighde ó théacs naofa (Qu'ran) faoi charthanacht
- Zakat agus Sadaqah
- Cás-staidéar Deirfiúracha Moslamacha na hÉireann (físeán) bileog oibre agus plé
- **Machnamh**

**Iniúchadh a dhéanamh ar Chríostaíocht**

CRÍOSTAÍOCHT agus CARTHANACHT agus an bhaint atá acu leis an AIDHBHINT

- **Fiosracht** faoi charthanacht sa Chríostaíocht ag féachaint ar luachana ón mBíobla. Déan **iniúchadh** níos doimhne ar na príomhchreidimh san Ioslam go mór mór Carthanacht sa Chríostaíocht

## Intinní Foghlama (Ábhar + Teanga)

**(Ábhar)** **Beidh na daltaí in ann..**

- Na príomhchreidimh sna mhór chreidimh domhanda a aithint
- Téacs naofa a aithint agus a ainmniú (Qu'ran/ An Bíobla Naofa)
- Na Cúig Philéar a aithint -téacs ón mBíobla
- Meas a bheith acu ar an obair a rinneadh chun cabhrú le daoine eile
- Obair a rinneadh ar son carthanachta a athghabháil
- An Aidbhint agus ullmhúchán don Nollaig a thuiscint
- Meas a bheith acu ar a bhfuil cómónta ag an gCríostaíocht agus Ioslam

**(Teanga)** **Beidh na daltaí in ann....**

- Éisteacht le treoracha
- Píosaí simplí ó théacsanna naofa a léamh
- Bileoga oibre a líonadh isteach
- Labhairt le chéile i ngrupaí faoi Charthanacht
- eochairfhocail bainteach leis an téama seo a thuiscint agus a úsáid
- foirmeacha den Aimsir Chaite agus Fháistineach a aithint agus a úsáid
- ceimeanna comparáide na n-aidiachtaí a úsáid – bocht/níos boichte, níos láidre/ níos laige, fuar/níos fuaire, is fearr/níos fearr
- aidiacht bhriathartha a aithint agus úsáid - scriosta, loite, fágtha, imithe

## Eispéiris Fhéideartha Foghlama

Déantar iniúchadh ar phríomhfhoghlaim agus ar shaincheisteanna i bpeirspictíocht an dá reiligiún le fócas ar na gnéithe atá i bpáirt againn.

JIG SAW a chur ar siúl sa rang

Físeáin, mar shampla ceann faoi Shiúracha Moslamacha na hÉireann,

Bileogaí oibre agus bileogaí le sleachta as téacsanna naofa an Ioslaim.

**Acmhainní breise-**

**Díospóireacht Siúlóide**

**Tobsmaointeoireacht**

**Fíor nó Bréagach**

Dréacht

# Teimpléad Aonad Foghlama CLIL/FCÁT

- **Plé :** An bhfuil dualgas orainn cabhrú leis na boicht**?**
- **An Aidbhint** : ag ullmhú don Nollaig - Conas a ullmhaímid don Nollaig- cén t-ullmhúchán spioradálta a dhéanaimid?
- **Taighde :** Ag obair leat féin nó i ngrúpaí - imscrúdú agus tuairisciú ar ais ar charthanacht de do rogha féin
- **Plé :** Cé hiad na daoine atá i gcruachás?
- Cad iad na luachanna a sheasann amach atá sa Chríostaíocht agus san Ioslam araon?

**Machnamh. Cad atá cómonta sa teagasc, sna luachanna agus sna gníomharthaí ag Ioslam agus ag an gCríostaíocht ?**

**Measúnú**

1. Léaráidí a lipéadú agus a mhíniú maidir leis na FIVE PILLARS OF ISLAM

2. Samhail a dhéanamh chun carthanacht a thaispeáint agus cén fáth.

3. Póstaer nó pictiúr chun na gnéithe éagsúla a aithint.

4. Cluiche JIG SAW – chun príomh-chreidimh na reiligiúin dhomhanda a chur in iúl don rang – ó bheith ag obair i ngrúpaí

5. Plé ranga nó díospóireacht ar ghnéithe carthanachta

- Conas treoracha ranga a leanúint
- Ceisteanna a chur agus ceisteanna a fhreagairt- mar shampla- cad iad na rudaí atá comónta idir an Chríostaíocht agus Ioslam- ainmnigh- déan cur síos ar – mínigh cén fáth- samhail-
- Luaigh
- Mínigh
- Soiléirigh
- Breac síos
- Cuir in iúl
- Nochtaigh
- Tarraing
- Cuir lipéad ar....
- Fiosraigh
- Abair
- Roinn
- Éist
- Déan machnamh ar..
- Scríobh

**CALPS**

Claonadh, Fabhar, Bolscaireacht, Íoróin, Bréagach, Fíor, Tionchair, Brú, Mímhacánta, Caolaigeanta, Casadh ar scéal, Searbhas, Míthreorach, Nuacht chlaonta, Domhain bhréige, Dallamullóg súl, Faisnéis bhréagach, Bolgán scagaire, Folláine

Dréacht